

❖ An Lúibín ❖

9 Nollaig 2014

Duolingo

Tá Duolingo ag teacht san fhaisean: aip a úsáideann pictiúir, micreadfón fóin chliste agus físeáin chun cuidiú leat teanga a fhoghlaim faoi mar gur chluiche í. Gnóthaíonn tú pointí agus tú ag dul chun cinn. Is féidir an aip a úsáid ar iOS, Android and Windows Phone, agus tá sí saor in aisce.

Tá a lán teangacha le fáil inti agus is gearr ó cuireadh an Ghaeilge leo. Tá timpeall 140,000 duine á foghlaim siúd ar Duolingo cheana agus tá 64% díobh sna Stáit. Tá 9% sa Bhreatain, 9% in Éirinn, 6.5% i gCeanada agus 3% san Astráil.

Is féidir le comhlachtaí cáipéis a uaslódáil ar Duolingo agus í a fháil aistrithe ag úsáideoirí. Ansin tugann Duolingo an cháispéis ar ais don chomhlacht agus íoctar aisti.

Rinne Maitiú Ó Coimín léirmheas ar an aip ar *Tuairisc.ie* (<http://tuairisc.ie/tastail-curtha-ar-chursa-gaeilge-duolingo/>). Ba mhaith leis leagan amach na haipse agus an sult a bhaineann léi ach mhaigh sé nach raibh sí gan locht. Theip ar Duolingo cainteoirí dúchais nó Gaeilgeoirí fíorlíofa a úsáid, mar shampla.

Tá na taifid fuaimne breac le botúin, idir shéimhiú fánach, shéimhiú easnamhach agus drochfhoghraíocht, agus is mó dochar ná sochar a dhéanfaidh sé seo don úsáideoir nach bhfuil taithí aige ar fhuaimneanna na Gaeilge. Bhí an fhadhb chéanna ag Duolingo na Gearmáinise ach amháin gur ríomhaire a ghin an glór do na taifid fuaimne don chúrsa sin.

Tríd is tríd, áfach, thaitin an aip leis mar thionscadal.



An teanga nach labhraítear

Cén fáth nach labhraíonn na hÉireannaigh Gaeilge? A thuairim féin ag gach duine, is dócha, ach tá triúr ó Choláiste Dheoise Naomh Mhuireadaigh i mBéal an Átha ag iarraidh eolais níos cruinne a bhailiú. Tá suirbhé curtha ar fáil acu ag <http://goo.gl/forms/Hf1WDWIHCM> (i mBéarla, ar ndóigh) agus cúig chuid ann: 1) An mbíonn eagla ar dhaoine Gaeilge a labhairt? 2) An bhfuil na modhanna teagaisc fónta? 3) Cén toradh atá ar choláistí Gaeilge sa Ghaeltacht? 4) An é go bhfuil an Ghaeilge ródheacair agus go bhfuil na hÉireannaigh níos fearr chun teangacha eile a fhoghlaim? 5) An amhlaigh gur cuma leo?

Tá an tionscadal (dar teideal 'Why Can't We Speak Irish?') curtha isteach i mbliana chun an BT Young Scientist Exhibition. Tá gá acu le 1,500 freagra chun go mbeadh an suirbhé cruinn, agus is féidir leat dul chun cinn na hoibre a leanúint ag www.whycantwespeakirish.wordpress.com. Aaron Hannon, Christopher Hunt agus Paul Flynn na scoláirí atá i gceist.



An Ghaeilge i scoileanna Shasana

Sa bhliain 2013 cuireadh deireadh leis an nGaeilge mar ábhar GCSE i scoileanna Shasana. An CCEA, bord scrúdaithe i dTuaisceart Éireann, a bhí ag cur cáilíochtaí Gaeilge ar fáil agus shocraigh siad nárbh fhiú dóibh é a dhéanamh i Sasana a thuilleadh ó thaobh an airgid de. Thug 2,080 dalta faoin nGaeilge sa GCSE anuraidh ach i dTuaisceart Éireann a bhí siad go léir beagnach. Cuireann an CCEA scrúduithe GCSE i nGaeilge ar bun do scoileanna na Breataine Bige fós.

Deir Coláiste na nGael (eagraíocht a chothaíonn úsáid na Gaeilge sa Bhreatain) go bhfuil cúigear daltaí ar a laghad ag déanamh scrúdú GCSE i Sasana le roinnt blianta anuas agus go dtiocfadh méadú ar a líon dornán blianta dá gcuirfí an Ghaeilge ar ais ar an churaclam. Tá tríocha grúpa Gaeilge sa Bhreatain, ach ní féidir le daoine atá ag foghlaim na teanga go neamhhoirmiúil cáilíocht a bhaint amach inti.¹ Tá sé molta anois ag an CCEA go gcuirfí GCSE na Gaeilge ar bun i Sasana mar ábhar 'neamhrialaithe' feasta agus an seasamh céanna aige is a bhí roimhe seo.



Méabh

I measc an *Metrical Dindseanchas* (seandánta faoin mbrí atá le baint as áiteanna stairiúla ar fud na hÉireann) tá *Fert Medba*: Feart (i.e. uaigh) Mhéibhe, bainríon Uladh, bean uaibhreach ar mhaith an airí sheachanta í. Dán breá é agus é gairid go leor. Féach *The Metrical Dindseanchas, Corpus of Electronic Texts*:

<http://www.ucc.ie/celt/published/G106500D/index.html>

FERT MEDBA

1. Fegaid fert, forum nglinni,
Medbi fáeli folt-fhinni:
baí lá ni lecfaitis eich
ar ingin Echach feidlig.

Féach feart Mhéibhe faolchonda foltfhinne an iompaircheannasaigh: bhí lá ann nach ligfidís eich in éadan iníon Eochaidh Fheidhlig.

2. Robaí d' allatas Medba
ocus d'fhebas a delba
co traethad da trian a gal
im cech fer ica fégad.

Bhí sé de chlú Mhéibhe agus d'fheabhas a deilbhe go dtrádh dhá thrían a ghaile i ngach fear a d'fhéachadh uirthi.

3. Dofaíd Medb, dofaíd a slúag,
is fata a ail, is cían
apraid in fail de sin,
rádid fír ocus fegaid.

D'imigh Méabh, d'imigh a slua; is ard a leac agus is cian; abair a bhfuil de thoradh air sin, inis an fhirinne agus féach.



¹ Féach 'Gaeilge Shasana,' Breandán Delap, *Tuairisc.ie*, 27/10/2014: <http://www.irishtimes.com/culture/treibh/gaeilge-shasana-1.1971408>.

An Ghaeilge mar cháilíocht iontrala

Faoi láthair caithfidh mic léinn pas sa Ghaeilge a bheith a bheith acu chun áit a fháil i gcoláistí ollscoile na hÉireann. Ach mar a fuair *Tuairisc.ie* amach, tá tuarascáil déanta ag tascghrúpa acadúil a mholann go gcuirfí deireadh leis an riachtanas sin. Deir an ‘Task Group on Reform of University Selection and Entry’ nach gá go mbeadh Gaeilge ag mic léinn ach amháin nuair atá siad chun cúrsa a dhéanamh tríd an teanga. Tá cúrsaí den leithéid sin gann go leor anois.

Má ghlactar leis an moladh (rud nach cinnte) beidh deireadh le traidisiún. Sa bhliain 1908 thosaigh Conradh na Gaeilge feachtas chun ábhar riachtanach a dhéanamh den Ghaeilge i scrúdú iontrála Ollscoil na hÉireann, feachtas a raibh neart daoine fabhrach dó. Ghéill na húdaráis sa bhliain 1913.

Sa chás seo beidh daoine ag éirí teasaí arís faoin dochar a dhéanfar do stádas na teanga. Os a choinne sin, is léir gurb annamh Gaeilge fhóna ag na mic léinn, fiú tar éis dóibh staidéar a dhéanamh uirthi ar feadh ceithre bliana déag. Scéal seanphléite laige na Gaeilge éigeantaí sna scoileanna, ach má tá leasú le déanamh ba cheart é a dhéanamh ag an leibhéal sin – an teagasc a fheabhsú nó an Ghaeilge a dhéanamh roghnach. Maidir leis na coláistí iontrála, stádas na teanga amháin atá i gceist.



Na hÉireannaigh i Muir Chairib sa 17ú haois

Tá scéal na nÉireannach sna hIndiacha Thiar i bhfad níos casta ná sean-nath na ‘sclábhaíochta’ – daoine bochta á gcur an loch amach le linn Chromail chun dul ag obair ar phlandálacha siúcra agus tobac in Barbadós, Iamáice, agus na hoileáin bheaga, San Críostóir, Niveas, Antigua agus Montsarat. Bhí éagsúlacht mhór ag baint leis na hÉireannaigh a bhain na hIndiacha Thiar amach; bhí gach aicme le fáil ann, idir mháistrí, sclábhaithe, shearbhóntaí saora agus cheannaithe, agus b’fhéidir go raibh siad ann chomh luath leis na 1620í. Is féidir iad a rangú ina gceithre dhream: úinéirí talún, tionóntaí, searbhóntaí a ghlac dintiúir dá dtoil féin agus daoine a cuireadh ann in éadan a dtola mar sclábhaithe dintiúir. Ina measc siúd bhí sagairt, cimid, fánaithe agus bacaigh ó Shasana agus ó Éirinn.

Fiú roimh ré Chromail, sna 1630í, bhí Éireannaigh ag glacadh dintiúir dá dtoil féin agus eolas cruinn bailithe acu óna gcairde gaoil i dtíortha eile ar chúrsaí oibre agus tuarastail. Dhéanadh daoine socrú dintiúir le gníomhaire chun go rachaidís ag obair ar feadh tréimhse shocair (idir cúig bliana agus seacht mbliana de ghnáth) de mhalaire ar phasáiste saor, ar dhídean, ar bhia agus ar éadaí, agus paiste talaimh talún le fáil acu de ghnáth i ndeireadh na tréimhse. Bhí a fhios acu cén pá a bhí le fáil in áiteanna difriúla agus go mbeidís níos fearr as sna hIndiacha Thiar ná in Virginia. Ba mhínic easpa bia agus oibre orthu sa bhaile, agus níorbh fhearr an geilleagar éirí amach na bliana 1642. Dá bhrí sin sheoladh na táinte amach ó chuanta Chontae Chorcaí, agus dúirt gníomhaire dintiúir Sasanach sa bhliain 1636 go raibh na mná níos fonnmháire chuige ná na fir. Sna 1630í bhí Cionn Sáile ar na háiteanna is mó a raibh gníomhairí dintiúir le fáil ann, iad ag déanamh socrú do shearbhóntaí i Montsarat. Ní fios go cruinn cá mhéad searbhónta bán a bhain Bardadós amach sa 17ú haois, ach is dócha gurbh Éireannaigh a leath.

De réir mar a bhí smacht Shasana ag dul i ndéine bhí mionuaisle Caitliceacha ag iarraidh teacht slán tar éis dóibh a maoin a chailleadh. Thug a leithéidí siúd agus ceannaithe Éireannacha, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh, aghaidh ar Mhuir Chairib le bun a dhéanamh mar phlandálaithe. Tá sé ráite ag an staraí Donald Akenson go ndearnadh ‘school for imperialism’ d’Éirinn.

Some of those who first settled in Ireland moved on to other colonial ventures. And those who were the colonized – the native Irish and the Old English – learned from experience how successful colonizers behaved, and themselves took up these methods on several new frontiers.²

² Donald H. Akenson. *If the Irish Ran the World: Montserrat, 1630-1730*. McGill-Queen’s Press MQUP 1997, lgh 18-19.

Bhí na máistrí Éireannacha lán chomh dian ar a gcuid sclábhaithe is a bhí na Sasanaigh.

Bhí na coilínigh chéanna ag iarraidh sagart sna 1630í. Tháinig na sagairt ach fuair siad bás ann, agus sa bhliain 1645 tháinig Íosánaigh ina n-áit, cé gurbh éigean don Athair Stritch (an duine ba nótaílte acu) dul ann i riocht ceannaí. Anuas go dtí an bhliain 1771 bhí sagairt ó Martinique, ó Guadeloupe agus ón gcuid Francach de Shan Críostóir ag freastal ar na Chaitlicigh Oileáin na Fothana.

B'Éireannaigh timpeall 10% de na sealbhóirí talún in Iamáice sa bhliain 1670. Nuair a tháinig Séamas II i gcoróin sa bhliain 1685 rinne sé a gcúnamh a thóraíocht agus é ag iarraidh an Caitliceachas agus an chumhacht ríoga a threisiú. Fiú sa bhliain 1729 bhí sloinne Éireannach ar 20% de na fir sa tionól áitiúil.

Ionnarbthaigh

Ach bhí ionnarbthaigh ann freisin, go háirithe idir na blianta 1650 agus 1659. Thosaigh bochtáin ó Éirinn ag teacht i dtír i Sasana – ‘a multiplicity of Irish, men, women, children and beggars, of whom they cannot learn at what port they are landed or the cause of their landing’. Ní raibh na húdaráis in ann na bochtáin seo a dhíbirt agus gan a fhios acu cén paróiste arbh as dóibh. B'fhusa iarraidh ar cheannaithe Sasanacha na fánaithe a thabhairt go dtí na hIndiacha Thiar mar shearbhóntaí dintiúr. Ó Bhealtaine 1653 amach bhí cead ag na húdaráis in Éirinn breith ar fhánaithe agus iad a chur an loch amach.

Tháinig sclábhaithe gorma sna 1620í chun Barbadós. Faoin mbliain 1645 bhí 5,680 duine acu ann, agus faoin mbliain 1667 bhí os cionn 40,000 duine acu ann. Tháinig neart Éireannach le linn Chromail, agus tugadh an íde chéanna dóibh is a tugadh do na sclábhaithe gorma, cé go raibh teorainn le tréimhse seirbhíse na searbhóntaí bána. Ní fios cá mhéad acu a tháinig. Meastar líon chomh hard le 60,000 agus chomh híseal le 12,000 duine. Thagadh na hÉireannaigh agus na sclábhaithe gorma le chéile chun éirí amach, go háirithe nuair a bhí drochaimsir ann.

Sa bhliain 1658 dúirt Thomas Povey, ceannaí Sasanach a raibh mórán airgid curtha isteach sna hIndiacha Thiar aige, go raibh formhór na searbhóntaí Éireannacha in Barbadós agus San Críostóir díbeartha as tréas. Thaiséal John Scott, Sasanach, sna hIndiacha Thiar le linn an Chomhlathais, agus chonaic Éireannaigh ag obair ina mbuíonta le sclábhaithe gorma, ‘without stockings under the scorching sun’ agus iad á maslú ag na daoine gorma féin, ‘derided by the negroes, and branded with the Epithet of ‘white slaves’.

Mar sin féin, chuir dlíthe Bharbadós in iúl go soiléir sa bhliain 1660 gurbh éigean do sclábhaithe gorma agus Indiacha leanúint orthu ag obair go deireadh a saoil ach nach mbeadh ar dhaoine bána oibriú thar dheireadh a ndintiúr.

Montsarat

I Montsarat thabharfadh na sloinnnte atá anois ann le fios gurbh as Co. Chorcaí d'fhorhmór na nÉireannach. Bhí baint ag roinnt eile le Co. Dhún na nGall, le Co. an Chláir, le Co. Thiobraid Árann, le Co. Phort Láirge, le Co. na hIarmhí agus le Co. Loch Garman. Bhí mórán Éireannach le fáil ar oileáin eile de chuid Shasana; faoin mbliain 1669 bhí 8,000 Éireannach ina gcónaí i mBarbadós, agus bhí tarraingt mhór acu ar Iamáice, oileán a tógadh ón Spáinn sa bhliain 1655. Ach ní raibh iontu ach mionlach ann; b'Éireannaigh iad seachtar as gach deichniúr daoine bána i Montsarat, agus b'Éireannaigh iad sé dhuine de na gobharnóirí ar a laghad.

Bhí doicheadall roimh Chaitlicigh in Virginia agus tháinig a lán acu go dtí Montsarat dá bharr. Sna 1640 bhí Éireannaigh agus Sasanaigh in adharca a chéile i San Críostóir ar chúiseanna polaitiúla agus creidimh, agus cuireadh buíon Éireannach chun Montsarat de bharr an achrainn sa bhliain 1643.

Taispeánann daonáireamh a rinneadh sa bhliain 1678 go raibh beagnach 1,900 bean, fir agus páiste ar Mhontsarat, sin leath an phobail, cuid acu ina searbhóntaí dintiúr, cuid eile saor. Maidir leis an gcuid eile d'Oileáin na Fothana, b'Éireannaigh iad 26% de phobal Antigua, 22% de phobal Niveas agus 10% de Shan Críostóir. Sa tréimhse 1660-1700 tháinig searbhóntaí ó Éirinn agus Éireannaigh shaora ó Bharbadós agus ó oileáin eile. Gheall na gobharnóirí fulaingt creidimh agus fáil éasca ar thalamh dóibh.

As an 1,682 duine bán i Montsarat sa bhliain 1678 ba shearbhóntaí dintiúr 1,644 duine acu. Áitítear gurbh Éireannaigh milé duine acu ar a laghad, ó b'as Éirinn do 70% den phobal. Ba mhinic i seirbhís Éireannach eile iad. Bhí a lán iarshearbhóntaí ann agus iad ina gceannaithe beaga nó ag saothrú tobac, cadáis nó plúirín ar fheirmeacha beaga. Tháinig cuid acu ó oileáin eile. Cheannaídis sclábhaithe gorma, cé nach raibh ach triúr ann sa bhliain 1678 ar leo breis is seasca sclábhaí. Ní bheadh ag an gcuid is mó de na hiarshearbhóntaí seo ach sclábhaí nó dhó.

Sna 1670í b'Éireannaigh 80% den phobal timpeall phríomhbhaile an oileáin (Cionn Sáile nó *Kinsale*) agus bhí a lán síbíní ann. Níos faide ó dheas bhí 98% den phobal ina nÉireannaigh, botháin dóibe ceann tuí acu agus iad ag saothrú barraí bia agus margaidh. Bhí teaghlaigh shínte acu agus sclábhaithe gorma ag a leath. Faoin gcéad chuid den 18ú haois bhí cuid mhaith acu imithe chun coilíneachtaí eile, ach d'fhan cuid mhaith eile mar a raibh siad agus iad ag pósadh daoine gorma.

San 18ú haois d'éirigh plandálaithe de shliocht Éireannach i Montsarat an-saibhir agus thosaigh ag ceannach talaimh i San Críostóir. Bhí brabús le fáil as trádáil agus siúcra. Bhí aithne acu ar cheannaithe i mBriostó agus i gCorcaigh, rud a chuir ar a gcumas sclábhaithe gorma agus lón, earraí a raibh glaoch mór orthu, a allmhairiú.

An Ghaeilge i Muir Chairib

Ba í an Ghaeilge príomhtheanga na cosmhuintire agus na huasaicme Caitlicí fós sa 17ú haois, agus ba í an Ghaeilge a thug siad leo chun Muir Chairib. Is dócha gur mhair an teanga go ceann i bhfad i Montsarat, an t-oileán ba Ghaelaí, agus go háirithe i ndeisceart an oileáin, áit atá breac le logainmneacha Éireannacha – Kinsale, mar shampla. Tá fhianaise fhánach ann go raibh Gaeilge á labhairt ann anuas go dtí lár an 19ú haois ar a laghad. Sin é an scéal a chuala Amhlaibh Ó Súilleabháin, dialannaí, múinteoir agus ceannaí i gCo. Chill Chainnigh, mar a scríobh sé sa bhliain 1831:

Is clos dom gurb í an teanga Ghaeilge is teanga mháthartha i Monserrat san India Thiar ó aimsir Olibher Cromail, do dhíbir cuid de chlanna Gael ó Éirinn gusan Oileán sin Montserrat. Labhartar an Ghaeilge ann go coiteann le daoine dubha agus bána.³

Tá cuntas eile againn ó lámh feidhmeannaigh darbh ainm C. Cremen agus é luaite i litir le W.F. Butler in *The Athenaeum*, 15 Iúil 1905. Fuair Cremen an scéal ó Sheán Ó Donnabháin, athmhairnéalach as Rinn an Chiniféicigh i gCo. Chorcaí a raibh Gaeilge ar a thoil aige.

He frequently told me that in the year 1852, when mate of the brig Kaloolah, he went ashore on the island of Montserrat which was then out of the usual track of shipping. He said he was much surprised to hear the negroes actually talking Irish among themselves, and that he joined in the conversation...⁴

Más scéal scéil an méid sin níl sé gan dealramh na fírinne, agus is trua nach ndearnadh aon taighde ceart nuair a bhí cainteoirí Gaeilge le fáil fós ann.

Le léamh

Nini Rodgers, 'The Irish in the Caribbean 1641-1837: An Overview,' *Irish Migration Studies in South America*: <http://www.irishargentine.org/0711rodgers1.htm>

Michael Mahony, 'Irish indentured labour in the Caribbean,' National Archives (UK) : <http://blog.nationalarchives.gov.uk/blog/irish-indentured-labour-in-the-caribbean/>

Brian McGinn, 'How Irish is Montserrat (The Black Irish)': http://freepages.genealogy.rootsweb.ancestry.com/~dgarvey/Garvey_us_census/Montserrat.html

³ Amhlaibh Ó Súilleabháin, iontráil 2700, 1 Aibreán 1831, lch 84, in Tomás de Bhaldraithe (eag.), *Cín Lae Amhlaibh*, An Clóchomhar Tta, 1976 (athchló).

⁴ Féach an fonóta in de Bhaldraithe (eag.), *Cín Lae Amhlaibh*, lch 84.

'The Irish were first European settlers on Montserrat,' *Free Man's Ground*:
<http://173.201.183.72/~interact/forum/content.php?403-The-Irish-Were-First-European-Settlers-on-Montserrat>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Leagan simplithe

Na hÉireannaigh i Muir Chairib sa 17ú haois

Tugann daoine aird mhór ar na sclábhaithe a cuireadh ó Éirinn go dtí na hIndiacha Thiar le linn Chromail. Ach bhí éagsúlacht mhór ag baint leis na hÉireannaigh a bhain na hIndiacha Thiar amach. Bhí plandálaithe, sclábhaithe,⁵ searbhóntaí saora agus ceannaithe ann.

Roimh ré Chromail, i dtríochaidí an tseachtú haois déag, chuaigh mórán Éireannach go dtí na hIndiacha Thiar dá dtoil féin mar searbhóntaí dintiúr.⁶ Dhéanaidís socrú le gníomhaire chun go dul ag obair ar feadh tréimhse áirithe (suas le seacht mbliana). Gheobhaidís pasáiste saor, dídean, bia agus éadaí. Gheobhaidís paiste talaimh de ghnáth i ndeireadh i ndeireadh na tréimhse. Bhíodh fonn mór ar mhná dul go dtí na hIndiacha Thiar.

Bhí mionuaisle⁷ Caitliceacha ag cailleadh a maoin in Éirinn sa seachtú haois déag. Chuaigh mórán mionuaisle agus ceannaithe, idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh, chun na hIndiacha Thiar mar choilínigh. Bhí siad an-dian ar na sclábhaithe Éireannacha agus gorma a bhí ag obair dóibh.

D'éirigh leis na coilínigh Chaitliceacha sagairt a fháil dóibh féin.

Cuireadh mórán Éireannach eile chun na nIndiacha Thiar in éadan a dtola. Orthu sin bhí bochtáin ó Éirinn a chuaigh go dtí Sasana ag iarraidh déirce. Le linn Chromail díbríodh fánaithe, sagairt agus 'gríosóirí'⁸ ó Éirinn freisin. Cuireadh ag obair ar na plandálacha iad ar feadh tréimhse agus drochíde á tabhairt dóibh. Bhí mórán sclábhaithe gorma⁹ á dtabhairt isteach faoin am sin, agus thagaidís féin agus na searbhóntaí Éireannacha le chéile chun éirí amach ó am go ham. Ach scaoilí na hÉireannaigh saor nuair a bhí tréimhse a ndintiúr críochnaithe.

I Montsarat is mó a bhí na hÉireannaigh le fáil, cé go raibh mórán acu le fáil sna hoileáin eile freisin. Théidís ó oileán go hoileán. Bhí a lán iarshearbhóntaí¹⁰ Éireannacha i Montsarat agus iad ina gceannaithe beaga nó ina bhfeirmeoirí beaga. Cheannaídis sclábhaithe gorma. I ndeisceart Mhontsarat a bhí formhór na nÉireannach ina gcónaí. Faoin gcéad chuid den 18ú haois bhí cuid mhaith acu imithe chun coilíneachtaí eile, ach d'fhan cuid mhaith eile i Montsarat. Phósaidís daoine gorma.

San 18ú haois d'éirigh plandálaithe de shliocht Éireannach i Montsarat an-saibhir. Bhí brabús le fáil as trádáil agus siúcra. Thug siad mórán sclábhaithe gorma isteach.

Na hÉireannaigh a bhain na hIndiacha Thiar amach sa seachtú haois déag thug siad an Ghaeilge leo, agus tá fianaise éigin againn go raibh sí á labhairt go ceann i bhfad i Montsarat. Rinne Amhlaoibh Ó Súilleabháin, dialannaí, múinteoir agus ceannaí i gContae Chill Chainnigh, tagairt di sa bhliain 1831. Dúirt sé gur chuala sé go raibh an Ghaeilge á labhairt i Montsarat go fóill. Tuairiscíodh freisin gur chuala mairnéalach darbh ainm Seán Ó Donnabháin Gaeilge á labhairt ann sa bhliain 1852. Ach ní dhearna aon scoláire taighde ar an scéal ag an am. .

⁵ Sclábhaithe – labourers or slaves, according to context

⁶ Searbhóntaí dintiúr – indentured servants

⁷ Mionuaisle – minor gentry

⁸ Gríosóirí - agitators

⁹ Gorm – black (when applied to people)

¹⁰ Iarshearbhóntaí – ex-servants